# An Garda Síochána

# Shuirbhé ar Dhearcadh an Phobail Feasachán

**R2 2018**

Taighde le amárach research

**Tá torthaí ardleibhéil ón dara ráithe den Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail a rinneadh idir Aibreán agus Meitheamh 2018 le fáil san fheasachán seo.**

Fiafraíodh de dhaoine faoina gcuid tuairimí maidir le coireacht náisiúnta agus áitiúil; má d'fhulaing siad íospairt anuraidh, cibé ar thug siad tuairisc faoin gcoir sin, agus chomh sásta is atá siad leis an gcaoi ar láimhseáil an Garda Síochána an eachtra. Fiafraíodh díobh freisin faoin méid imní a bhí orthu faoi bheith ina n-íospartach coireachta, an eagla a bhí orthu roimh choireacht, chomh maith leis an tionchar a bhí ag an gcoireacht ar chaighdeán na beatha. Fiafraíodh freisin díobh cé na coireanna a cheapann siad ar cheart do na Gardaí tús áite a thabhairt dóibh; cé chomh feiceálach is a bhí patróil na nGardaí ina gceantar áitiúil; chomh maith leis an leibhéal muiníne, sástachta, tuairimí maidir le caitheamh go cóir leo agus a gcuid tuairimí tríd is tríd ar eagraíocht an Gharda Síochána.


Tá an Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail ceaptha a bheith á reáchtáil ar bhonn leanúnach (i mbun suirbhéireachta leanúnaí ar an daonra) agus déantar suirbhé ar 1,500 duine gach ráithe. Bailíodh sonraí trí agallaimh sa bhaile, agus agallaimh phearsanta. Tá na torthaí ardleibhéil a chuirtear i láthair san fheasachán seo bunaithe ar shonraí atá ualaithe de réir aoise, inscne, aicme shóisialta agus náisiúntachta.


Toisc gur suirbhé é seo ar shampla randamach den daonra caithfimid glacadh leis go mbeidh roinnt lamháil earráide ann. Ríomhadh é sin ar +/- 2.53 faoin gcéad le haghaidh an tsampla ráithiúil. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara toisc go ndéantar anailís ar chomhréireanna níos lú, go méadaíonn an lamháil earráide. Ba cheart é sin a chur san áireamh nuair atá scrúdú á dhéanamh ar anailís faoi íospartaigh na coireachta. Ní shuimeoidh gach cairt ina n-úsáidtear céatadáin go dtí 100 faoin gcéad mar gheall go slánaítear figiúirí. Cuireadh réamhanailís i gcrích ar gach athrúchán chun an cion de fhreagraí "níl a fhios agam" a mheas. Tá sé sin ag teacht leis an modheolaíocht a úsáideadh i dTuarascáil Bhliantúil 2017. Tógadh cinneadh ansin faoi cibé an bhfágfaí ar lár iad as anailísí ina dhiaidh sin. Baineadh freagraí "níl a fhios agam" agus ceisteanna ina diúltaíodh freagra a thabhairt amach as an anailís más ionann iad agus níos lú ná 10% de na freagraí ag gach pointe tomhais. I gcásanna inarbh ionann freagraí "níl a fhios agam" agus 10% nó níos mó d'fhreagraí freagróirí, cuirtear anailís ina gcuirtear freagraí den sórt sin san áireamh agus as an áireamh i láthair ar mhaithe le bailchríoch a chur ar an tuarascáil. Táthar i mbun monatóireachta ar fhreagraí "níl a fhios agam/diúltaithe" lena chinntiú go gcoinnítear caighdeán na sonraí.


.


## Déimeagrafaic

1,500 duine fásta atá 18 bliain d'aois nó níos sine atá sa sampla.





## CLÁR ÁBHAIR


2 Braistintí faoi choireacht
2 Íospairt
3 Eagla agus imní faoi choireacht
3 Infheictheacht an Gharda Síochána
4 Sástacht leis an nGarda Síochána
4 Iontaoibh sa Gharda Síochána
5 Comhionannas cóireála ag an nGarda Síochána
6 Braistintí faoi eagraíocht an Gharda Síochána
6 Conclúid


# Tuairimí maidir leis an gcoireacht

I R2 2018, mheas 75% d'fhreagróirí go raibh fadhb an-tromchúiseach nó thromchúiseach leis an gcoireacht náisiúnta. Tá an líon freagróirí a mheasann go bhfuil fadhb an-tromchúiseach nó tromchúiseach le coireacht náisiúnta sách cobhsaí le cúpla pointe tomhais anuas. I gcomparáid leis sin, i rith R2 2018 mheas 22% d'fhreagróirí go raibh fadhb an-tromchúiseach nó thromchúiseach leis an gcoireacht áitiúil, méadú 2% ó R1 2018. Mar a bhí i scóip an suirbhé a rinneadh roimhe seo, lean na freagróirí ar a bheith níos dearfaí ina mbraistintí faoi threochtaí coireachta ina gceantar áitiúil ná na braistintí faoin leibhéal náisiúnta.

## Tosaíochtaí de réir tuairimí faoi choireacht náisiúnta






## Tosaíochtaí de réir tuairimí faoi choireacht áitiúil




Fadhb an-tromchúiseach · Fadhb tromchúiseach · Fadhb éigean · Níl aon fadhb ann

# Íospairt




Bhí an ráta íospartha[1] ag 7.9%[2] i rith R2 2018 agus 85%[3] de na híospartaigh a chuaigh faoi agallamh ag lua gur thug siad tuairisc ar a n-eachtra coireachta is déanaí don Gharda Síochána. Idir an dá scuab-shuirbhé dheiridh mhéadaigh an ráta íospartha, agus laghdaigh an sciar íospartach a thug tuairisc ar a n-eachtra coireachta don Gharda Síochána. I rith R2 2018, bhí an ráta sástachta i measc íospartach coireachta (a thug tuairisc faoina gcoir do na Gardaí) ag 59%, laghdú 5% ó R1 2018, agus síos 2% i gcomparáid leis an ráithe chéanna anuraidh. I rith R2 2018 bhí an sciar íospartach a mhothaigh gur tugadh an méid ceart faisnéise dóibh ag 54%, treocht é sin atá ag dul i méid i rith scuab-shuirbhéanna a rinneadh le déanaí.


1 *Áirítear leis seo a bheith ina íospartach mar gheall ar bhuirgléireacht, goid, robáil, damáiste coiriúil, ionsaí nó calaois*

2 *D'fhulaing 78 freagróir íospairt sa 12 mhí roimhe sin*

3 *Thuairiscigh 67 íospartach an choir leis an nGarda Síochána*

# Eagla agus Imní faoi Choireacht


I rith R2 2018, thuairiscigh 49% d'fhreagróirí nach raibh aon imní orthu faoi bheith ina n-íospartaigh choireachta. Ina measc siúd a raibh imní orthu faoi bheith ina n-íospartach coireachta; bhí imní ar 4% faoi bheith ina n-íospartach díobhála pearsanta, bhí imní ar 9% faoi ghoid nó damáiste dá maoin, agus bhí imní ar 38% faoi bheith ina n-íospartach ag an dá cheann. Sa tréimhse chéanna, thuairiscigh 36% d'fhreagróirí nach raibh aon eagla orthu faoin leibhéal coireachta tríd is tríd. Ina measc siúd a thuairiscigh go raibh faitíos orthu, bhí go leor imní ar 4% acu, agus thuairiscigh 30% go raibh roinnt eagla orthu nó fíorbheagán eagla. Thuairiscigh seasca is a sé faoin gcéad d'fhreagróirí nach raibh aon tionchar ag a n-eagla roimh choireacht ar a gcaighdeán beatha. Ina measc siúd a thuairiscigh go raibh tionchar ag a n-eagla roimh choireacht ar a gcaighdeán beatha, dúirt 22% go raibh an caighdeán laghdaithe de bheagán aige, dúirt 9% go raibh an caighdeán measartha laghdaithe aige, ach dúirt 2% go raibh athrú suntasach aige orthu agus dúirt 1% go raibh laghdú mór curtha aige ar a gcaighdeán saoil. Ó R2 2017 bhí titim 5% ar an gcion freagróirí nár thuairiscigh go raibh faitíos orthu faoin leibhéal coireachta, agus thit a líon siúd a thuairiscigh nach raibh aon tionchar ag a n-eagla roimh choireacht ar a gcaighdeán beatha 7 bpointe céatadáin idir R2 2017 agus R2 2018. Bhí an líon freagróirí a bhí ag tuairisciú nach raibh aon imní orthu faoi bheith ina n-íospartach coireachta sách cobhsaí i scuab-shuirbhéanna a rinneadh le déanaí. .





# Infheictheacht na nGardaí

I R2 2018, bhí 39% d'fhreagróirí ar an eolas faoi phatróil na nGarda ina gceantar áitiúil. Ba ionann sin agus méadú 3% phointe céatadáin i gcomparáid leis an ráithe chéanna in 2017. I rith R2 2018, cheap 37% d'fhreagróirí go raibh láithreacht na nGardaí ina gceantar áitiúil ag thart ar an leibhéal ceart. Laghdaigh sé sin 8 bpointe céatadáin i gcomparáid le R2 2017.

## Patróil na nGardaí go háitiúil





## Láithreacht na nGardaí go háitiúil



# Sástacht leis an nGarda Síochána

I R2 2018, thuairiscigh 77% d'fhreagróirí go raibh siad sásta leis an tseirbhís atá á cur ar fáil ag an nGarda Síochána don phobal áitiúil, méadú 1% ón tréimhse chéanna anuraidh, ach laghdú 4% ón bpointe tomhais deiridh. Ó R3 2017, bhí sástacht leis an tseirbhís a bhí á soláthar ag an nGarda Síochána ag dul in airde, agus thit sé arís idir an dá scuab-shuirbhé dheiridh a rinneadh. Cuireadh ceithre cheist nua leis i mí Eanáir 2018, inar imscrúdaíodh gnéithe sonracha den tseirbhís a bhí á soláthar do phobail áitiúla. I R2 2018 d'aontaigh 74% d'fhreagróirí gur féidir brath ar na Gardaí nuair a bhíonn siad ag teastáil uait. D'aontaigh os cionn aon trian d'fhreagróirí (37%) go raibh droch-chaidrimh ag an bpobal leis na gardaí, sin méadú ón scuab-shuirbhé deiridh a rinneadh. Chreid formhór na bhfreagróirí (83%) go n-éisteann na Gardaí leis an imní a bhíonn ar mhuintir na háite. Ar deireadh, d'aontaigh 45% d'fhreagróirí nach bhfuil na Gardaí ag déileáil leis na rudaí is cás le daoine sa phobal áitiúil. Mar a tugadh le fios sa réamhrá, baineadh freagraí "níl a fhios agam" agus ceisteanna inar diúltaíodh freagra a thabhairt amach as an anailís más ionann iad agus 10% d'fhreagraí. Ar mhaithe leis an anailís a bheith críochnúil, cuirtear an líon freagraí "níl a fhios agam" (i ndearg) a fhágtar ar lár agus a chuirtear isteach i láthair sa chairt agus sa tábla thíos.


**Sástacht leis an nGarda Síochána**




| | **R1 2018 % Comhaontú** gan freagraí "níl a fhios agam" san áireamh iontu | **R1 2018 % Comhaontú** le freagraí "níl a fhios agam" san áireamh iontu | **R2 2018 % Comhaontú** gan freagraí "níl a fhios agam" san áireamh iontu | **R2 2018 % Comhaontú** le freagraí "níl a fhios agam" san áireamh iontu |
|---|---|---|---|---|
| Is féidir brath ar na gardaí sa cheantar seo a bheith ann nuair a theastaíonn siad | 79% | 70% | 74% | 66% |
| Droch-chaidrimh ag an bpobal leis na gardaí | 35% | 29% | 37% | 31% |
| Éisteann na gardaí sa cheantar seo leis an imní atá ar mhuintir na háite | 84% | 69% | 83% | 70% |
| Níl na gardaí ag déileáil leis na rudaí is cás le daoine sa phobal seo | 38% | 31% | 45% | 36% |

# Muinín sa Gharda Síochána


I rith R2 2018, bhí 'meán' go dtí 'ard' leibhéal muiníne ag 88% d'fhreagróirí sa Gharda Síochána Bhí muinín sa Gharda Síochána cobhsaí thar scuab-shuirbhéanna.




# Cóir Chomhionann ón nGarda Síochána

I R2 2018, d'aontaigh 92% (88% nuair a chuirtear freagraí "níl a fhios agam" san áireamh) d'fhreagróirí go gcaithfeadh baill den Gharda Síochána go hómósach leat dá mba rud é go raibh tú i dteagmháil leo ar aon chúis. Ó R2 2017, tá an líon freagróirí a aontaíonn leis an ráiteas sin fós ag 90% nó os a chionn. Nuair a fiafraíodh d'fhreagróirí an gcaitheann na Gardaí go háitiúil go cóir le gach duine is cuma cé hiad féin; d'aontaigh 81% go gcaitheann (65% nuair a chuirtear freagraí "níl a fhios agam" san áireamh). Nuair a cuireadh an cheist sin d'fhreagair i bhfad níos mó ná 10% 'níl a fhios agam', dá bhrí tá an líon ina bhfágtar freagraí 'níl a fhios agam' istigh agus ar lár astu curtha i láthair le haghaidh an dá cheist sna cairteacha thíos.


### Caitheann na Gardaí go hómósach le daoine




### Caitheann na Gardaí go cóir le gach duine



# Tuairimí maidir le hEagraíocht an Gharda Síochána




Mar a tugadh le fios thuas, baineadh freagraí "níl a fhios agam" agus ceisteanna inar diúltaíodh freagra a thabhairt amach as an anailís más ionann iad agus 10% d'fhreagraí. Ar mhaithe leis an anailís a bheith críochnúil, cuirtear an líon freagraí "níl a fhios agam" (*i lúibíní*) a fhágtar ar lár agus a chuirtear isteach i láthair sa chairt thíos. I rith R2 2018, d'aontaigh 90% d'fhreagróirí go raibh an Garda Síochána cairdiúil nó cabhrach; d'aontaigh 73% go raibh an eagraíocht dírithe ar an bpobal; cheap 70% go bhfuil an eagraíocht nua-aimseartha nó forásach; thuairiscigh 61% go bhfuil an Garda Síochána éifeachtach ag dul i ngleic le coireacht; agus d'aontaigh 43% go bhfuil an eagraíocht bainistithe go maith agus cheap siad go dtugann an Garda Síochána seirbhís póilíneachta den chéad scoth. Idir an dá scuab-shuirbhé dheiridh a rinneadh tháinig idir mhéadú is laghdú ar thuairimí faoi eagraíocht an Gharda Síochána thar thoisí éifeachtachta agus cumais. Tá tuairimí dearfacha fós ag formhór mór na bhfreagróirí faoi chumas an Gharda Síochána a bheith cairdiúil agus cabhrach, dírithe ar an bpobal agus nua-aimseartha nó forásach.

# Conclúid

Foilsíonn an Garda Síochána torthaí óna Shuirbhé ar Dhearcadh an Phobail ar bhonn ráithiúil anois. Tá an obair á coimisiúnú ag an nGarda Síochána agus is é Amárach Research a dhéanann an obair allamuigh. Tá feasacháin agus tuarascálacha bliantúla roimhe seo ar fáil ar www.garda.ie.

Féachann freagróirí fós ar choireacht mar rud a bhfuil fadhb thromchúiseach nó an-tromchúiseach leis go náisiúnta ach go háitiúil ní mheasann siad go ceist shuntasach fadhb na coireachta.

I rith R2 2018, bhí an ráta íospartha ag 7.9%, agus bhí an sciar íospartach a bhí ag tuairisciú a gcoireanna do na Gardaí ag 85%. Idir an dá phointe thomhais dheiridh is in aird a chuaigh treocht an ráta íospartha, agus is i laghad a bhí an sciar íospartach a thug tuairisc ar a n-eachtra coireachta ag dul. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara toisc go ndéantar anailís ar chomhréireanna níos lú den tsampla go méadaíonn an lamháil earráide. Ba cheart é sin a chur san áireamh nuair atá méideanna samplaí níos lú á scrúdú (mar shampla, íospartaigh na coireachta).

Idir an dá scuab-shuirbhé dheiridh a rinneadh tháinig méadú ar an gcion freagróirí a thuairiscigh nach raibh aon eagla orthu faoin leibhéal coireachta tríd is tríd, nach raibh imní orthu go mbeidís ina n-íospartach coireachta; agus nach raibh aon tionchar ag a n-eagla roimh choireacht ar a gcaighdeán beatha. Bhí luainiú sna treochtaí sin le gairid anuas agus leanfar den mhonatóireacht de réir mar a fhoilseofar torthaí ráithiúla.

Bhí feasacht faoi phatról Gardaí sa cheantar áitiúil cothrom le 39% i R2 2018. Tá na tuairimí go bhfuil láithreacht na nGardaí ag an leibhéal ceart ag laghdú ó R4 2017; mheas 37% d'fhreagróirí i R2 2018 go raibh láithreacht na nGardaí go háitiúil ag an leibhéal ceart. Thuairiscigh 77% d'fhreagróirí go bhfuil siad sásta leis an tseirbhís atá á cur ar fáil ag an nGarda Síochána do phobail áitiúla. Bhí sé sin idir 74% agus 81% sna cúig phointe tomhais a rinneadh le déanaí.

Tá muinín an phobail in eagraíocht an Gharda Síochána fós ard ag 88%. Chreid formhór mór na bhfreagróirí go gcaithfeadh na Gardaí go hómósach leo féin, nó le daoine eile, is cuma cé hiad féin, dá mbeidís i dteagmháil leo ar aon chúis. Bhí méaduithe agus laghduithe beaga ar an gcomhaontú thar thoisí maidir le héifeachtacht agus cumas eagraíocht an Gharda Síochána idir an dá phointe thomhais dheiridh a rinneadh.